

# Tíreolaíocht


## Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin tíreolaíocht mar ábhar scoile. Cén Ghaeilge atá ar na focail seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

1. core subject \_\_\_\_\_
2. Junior Certificate \_\_\_\_\_
3. national newspaper \_\_\_\_\_
4. important role \_\_\_\_\_
5. Head (of department) \_\_\_\_\_
6. elective subject \_\_\_\_\_
7. in general \_\_\_\_\_
8. climate change \_\_\_\_\_
9. poverty \_\_\_\_\_
10. review/reassessment \_\_\_\_\_

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhróidh sé sin leat.

Baineadh úsáid as dhá fhocal i gcomhair *geography* agus *poverty*. Cad iad?



## Ceist 2

Cuir Gaeilge ar na teidil seo:

- Trinity College
- UCD
- UCC
- UL
- Universities of Ireland

## Ceist 3

Féach ar an mír arís agus scríobh amach achoimre ghearr ar ábhar na míre. Déan comparáid idir an méid a scríobh tú féin agus a scríobh an duine in aice leat.

**Ceist 4** ‘...daibhreas...’

Má chiallaíonn ‘daibhreas’ *poverty* agus ‘saibhreas’ *wealth*, cad is brí leis na focail thíos? Cuir in abairtí iad lena mbrí a léiriú.

sonas – donas  
suairceas – duairceas  
soineann – doineann  
saibhir – daibhir

**Ceist 5** Cuir Gaeilge ar na hábhair scoile thíos. Pléigh na ceisteanna ansin faoi na hábhair, leis an duine in aice leat.

*Irish, English, Mathematics, Biology, Chemistry, Physics, French, German, Spanish, Geography, History, Computer Science, Business Studies, Classical Studies, Religious Studies, Home Economics*

1. Cad é an t-ábhar is fearr leat (nó ab fhearr leat)? Cén fáth?
2. Cén t-ábhar nach maith leat (nár thaitin leat)? Cén fáth?
3. Roghnaigh na trí ábhar is tábhachtaí ón liosta, dar leat féin, chun dul ar aghaidh sa saol mór.

**Ceist 6** Bí ag obair leis na daoine eile i do ghrúpa:

Breacaigí síos na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis na hábhair – stair agus tíreolaíocht – a bheith mar ábhair éigeantacha ar scoil.

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

- |                         |                                    |
|-------------------------|------------------------------------|
| 1. core subject         | <i>croí-ábhar</i>                  |
| 2. Junior Certificate   | <i>An Teastas Sóisearach</i>       |
| 3. national newspaper   | <i>nuachtán náisiúnta</i>          |
| 4. important role       | <i>ról tábhachtach</i>             |
| 5. Head (of department) | <i>Ceann nó Ceannasaí (Roinne)</i> |
| 6. elective subject     | <i>ábhar roghnach</i>              |
| 7. in general           | <i>i gcoitinne</i>                 |
| 8. climate change       | <i>athrú aeráide</i>               |
| 9. poverty              | <i>bochtanas</i>                   |
| 10. review/reassessment | <i>athbhreithniú</i>               |

poverty – bochtanas agus daibhreas  
geography – tíreolas, tíreolaíocht

### Ceist 2

Trinity College – Coláiste na Tríonóide  
UCD – an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath  
UCC – Coláiste na hOllscoile, Corcaigh  
UL – Ollscoil Luimnigh  
Universities of Ireland – Ollscoileanna na hÉireann

### Ceist 3

Féach an script.

### Ceist 4

sonas – happiness, good luck; donas – misery, ill-luck  
suairceas – pleasantness, cheerfulness; duairceas – joylessness, cheerlessness  
soineann – calmness, fair weather; doineann – stormy weather  
saibhir – rich; daibhir – poor

### Ceist 5

Irish – Gaeilge  
English – Béarla  
Mathematics – Matamaitic  
Biology – Bitheolaíocht  
Chemistry – Ceimic  
Physics – Físic  
French – Fraincis  
German – Gearmáinis  
Spanish – Spáinnis  
Geography – Tíreolaíocht  
History – Stair  
Computer Science – Eolaíocht Ríomhaireachta  
Business Studies – Staidéar Gnó  
Classical Studies – Léann Clasaiceach  
Home Economics – Eacnamaíocht Bhaile

### Ceist 6

Iarr ar gach grúpa buntáistí agus míbhuntáistí na n-ábhar a scríobh síos agus a phlé le chéile.

**Eimear Ní Chonaola**

Tá imní ar Chinn Ranna Tíreolaíochta i sé ollscoil sa tír, go bhfuil tíreolas bainte de liosta na gcroí-ábhar sa Teastas Sóisearach. I litir a foilsíodh i nuachtán náisiúnta inné, deir lucht acadúil go bhfuil ról tábhachtach ag an tíreolaíocht maidir le tuiscint agus réiteach a fháil ar fhadhbanna domhanda, athrú aeráide agus bochtanas ina measc.

**Peadar Mac Gaoithín**

Rang tíreolaíochta á mhúineadh i nGaelcholáiste Reachrann, i nDomhnach Míde, i dTuaisceart Bhaile Átha Cliath inniu. Baineadh tíreolas agus stair de liosta na gcroí-ábhar a gcaithfear staidéar a dhéanamh orthu sa Teastas Sóisearach anuraidh, agus is ábhair roghnacha iad ó shin.

I litir a foilsíodh sa *Sunday Independent* inné, deir an Dr Pádraig Ó Carmada, Ceannasaí na Roinne Tíreolaíochta i gColáiste na Tríonóide, agus ceannasaithe na ranna sin i gColáiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath; i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh; in Ollscoil Luimnigh agus Ollscoileanna na hÉireann i Maigh Nuad agus i nGaillimh, gur ábhar mór imní nach bhfuil i dtíreolas ach ábhar roghnach anois. Agus, go mbeidh tionchar diúltach aige seo ar dhaoine óga agus ar an tír i gcoitinne.

**Dr Pádraig Ó Carmada, Ceannasaí na Roinne Tíreolaíochta, Coláiste na Tríonóide**

Athrú aeráide mar shampla, an daibhreas timpeall an domhain, san Afraic mar shampla, rudaí mar sin. Níl ach domhan amháin againn agus is é an tíreolaíocht an t-aon ábhar a bhfuil staidéar eolaíochta agus staidéar sóisialta le chéile ann. Agus, caithfidimid, agus caithfidh na daoine in Éirinn agus na páistí, caithfidh siad a bheith ábalta na rudaí sin a phlé le chéile, má theastaíonn uainn na fadhbanna sin a réiteach.

**Peadar Mac Gaoithín**

Tá athbheithniú ar bun i láthair na huaire ag an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta ar an chinneadh ábhar roghnach a dhéanamh de stair.

Peadar Mac Gaoithín, Nuacht TG4.